European Asylum Support Office

SUPPORT IS OUR MISSION

# Preaseisiúint

**PR 13/2015**
**8 Iúil 2015**

## Tuarascáil Bhliantúil EASO ar Staid an Tearmainn san AE

***D'eisigh EASO a tuarascáil tagartha bhliantúil inniu: An Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn san Aontas Eorpach 2014. Is é is aidhm sa tuarascáil forbhreathnú cuimsitheach a thabhairt ar staid an tearmainn san AE+ (Ballstáit an AE móide an Iorua agus an Eilvéis) trí iarratais ar chosaint idirnáisiúnta chuig an AE a fhiosrú, trí anailís a dhéanamh ar shonraí na n-iarratas agus na gcinntí, agus trí dhíriú ar chuid de thíortha tionscnaimh is tábhachtaí arbh as na hiarratasóirí i gcomhair cosaint idirnáisiúnta.***

In 2014, bhí breis agus **660 000 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta san AE+** - an líon is airde ón am ar tosaíodh ar bhailiú sonraí ag leibhéal an AE in 2008. Ba ó shaoránaigh as an tSiria, as tíortha na mBalcán Thiar uile, agus as Eiritré an líon is mó iarratas ar thearmann. Ba iad an Ghearmáin, an tSualainn, an Iodáil, an Fhrainc agus an Ungáir na príomhthíortha glactha. Ag deireadh na bliana 2014, bhí breis agus **500 000[1] duine ag fanacht ar chinneadh maidir lena n-iarratas ar thearmann san AE+;** bhí méadú i líon na n-iarratas ar feitheamh faoi +37% i gcomparáid le 2013. Ba é **110 000** líon **na n-iarratas ó shaoránaigh as tíortha na mBalcán Thiar** agus cuid shuntasach acu as an tSeirbia agus an Chosaiv. Bhí an géarchéim leanúnach **sa tSiria ina príomhdhúshlán san AE+ in 2014 de dheasca líon na n-iarratas ó Shiriaigh a bhí níos mó ná 128 000.** Bhí an Afganastáin fós ar na príomhthíortha tionscnaimh arbh as iarratasóirí anuraidh; b'ionann na 42 745 iarratas don bhliain 2014 agus méadú 53 % i gcomparáid le 2013. Ba as an tír sin freisin an líon is airde mionaoiseach neamhthionlactha a chuir iarratas isteach ar thearmann san AE+ (6 155). Bhí breis agus 14 000 iarratasóir Úcránach ann, méadú faoi 13 i gcomparáid le 2013.

Scrúdaítear sa tuarascáil freisin **príomhfhorbairtí i gcúrsaí tearmainn in 2014** amhail Tascfhórsa na Meánmhara, acmhainneacht um ghlacadh sna Ballstáit, forbairtí i gcórais náisiúnta tearmainn agus tacaíocht EASO. I measc nithe eile, **lean EASO le tacaíocht oibríochta a sholáthar don Ghréig, don Iodáil, don Bhulgáir agus don Chipir** agus d'éirigh léi i **dtionscadail píolótacha comhphróiseála agus i dtionscadal in éineacht le Málta agus leis an Iodáil maidir le himircigh neamhrialta a éascú. Chuir EASO breis agus 2 800 oifigeach tearmainn agus glactha faoi oiliúint.** Chomh maith leis sin, thionól EASO gníomhaíochtaí gné seachtraí le líon stát; **an Tuirc an tSeirbia, an Iordáin, Maracó agus an Túinéis,** ina measc. Ina theannta sin, lainseáil EASO bailiúchán sonraí staitistiúla nua faoina **Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS)**, ina bhfeictear ionchur ó gach stát AE+ ar bhonn míosúil, ag cur le faisnéis atá ar fáil ó Eurostat.

Léiríonn na **figiúirí is déanaí don bhliain 2015** go bhfuil méadú leanúnach ar líon na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Sna chéad 5 mhí den bhliain seo, bhí méadú **68 % i líon na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta san AE+ i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh.** Leanann sé sin an 43% de mhéadú i líon na n-iarratas in 2014 i gcomparáid le 2013. Is cosúil go bhfuil treochtaí úrnua ag teacht chun cinn in 2015. Bhí líon na n-iarratasóirí ón Chosaiv an-ard go dtí Márta 2015. Ba í an Chosaiv príomhthír thionscnaimh na n-iarratasóirí a bhí cláraithe san AE+ idir Eanáir agus Meitheamh 2015, chun tosaigh ar an tSiria. Tharla sé sin in ainneoin go raibh líon na n-iarratasóirí níos airde ná an leibhéal a taifeadadh thar an tréimhse céanna in 2014. Bhí méadú suntasach freisin i líon na n-iarratasóirí as an Afganastáin le míonna anuas. Ó bhí Eanáir 2015 ann, tugadh faoi deara san AE+ go raibh ardú suntasach i líon na n-iarratasóirí a éilíonn gur mionaoisigh neamhthionlactha iad. Ba as an Afganastáin, Eiritré, an tSiria agus an tSomáil iad go príomha agus ghlac an tSualainn, an Ostair, an Ghearmáin, agus an Iodáil iad den chuid is mó.

*Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn trí dhul i dtheagmháil leis an Uas. Jean-Pierre Schembri ag an ríomhphost a leanas: jean-pierre.schembri@easo.europa.eu*

[1] Áirítear achomhairc san fhigiúr seo